Irish National Teachers' Organisation
Cumann Múinteoirí Éireann

# Meas i gCleachtas

## Bulaíocht LADTA+ a Chosc trí Lionsa Bí Cineálta

**Tá seomraí ranga na mbunscoileanna mar scáthán ar ár sochaí, áit a bhfuil teacht ar réimse leathan cultúr, féiniúlachtaí, cúlraí agus teaghlaigh. Bíonn múinteoirí bunscoile ag plé le leanaí ó réimse leathan cúlraí agus ó theaghlaigh éagsúla. Bíonn siad ag dréim i gcónaí le hatmaisféar dearfach agus fáilteach a chothú sa seomra ranga lena chinntiú go mbeidh gach leanbh in ann bláthú de réir a n-acmhainne féin.**

Cuid dhílis den éagsúlacht sin é an pobal leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach agus aiteach (LADTA+) inár scoileanna —idir dhaltaí, thuismitheoirí, chaomhnóirí agus bhaill eile den phobal scoile i gcoitinne. Ó foilsíodh '*Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*' na Roinne Oideachais agus Scileanna i 2013, tá dualgas soiléir ar bhunscoileanna dul i mbun straitéisí coisctheacha agus oideachasúla d'fhonn bulaíocht homafóbach agus trasfhóbach a chosc agus dul i ngleic léi. Athdhearbhaíodh an fhreagracht sin i mí an Mheithimh 2024 sa cháipéis nua, '*Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna*'. Tagann na gnásanna seo in ionad na nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile ó 2013 agus tá siad infheidhme i ngach bunscoil agus iarbhunscoil aitheanta, mar aon le hionaid oideachais[1]. Ina theannta sin, éilítear sa Churaclam Folláine[2] go bhfoghlaimeodh daltaí de gach aoisghrúpa faoi struchtúir éagsúla teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh ag a bhfuil tuismitheoirí den ghnéas céanna (lch. 29). Ar an gcaoi chéanna, leagtar an bhunchloch i Rang 5 agus 6 d'fhonn tuiscint na ndaltaí ar chlaonadh gnéis a fhorbairt (lch. 24).

Tá nósanna imeachta Bí Cineálta fite fuaite leis na ceithre phríomhréimse sa '*Ráiteas Polasaí agus Creatlach Cleachtais don Fholláine*' atá ríthábhachtach d'fhonn cur chuige uile-scoile, iomlánaíoch i leith chur chun cinn na folláine a chur i bhfeidhm — Cultúr agus Timpeallacht; Curaclam (Teagasc agus Foghlaim); Polasaí agus Pleanáil; agus Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí[3]. Éilítear ar scoileanna sna gnásanna seo cultúr agus timpeallacht dhearfach chuimsitheach a chinntiú; cuimsiú agus meas ar an éagsúlacht a chothú trí theagasc na n-ábhar curaclaim; folláine an phobail scoile a chur i gcroílár pholasaithe agus phleananna na scoile; agus caidrimh agus comhpháirtíochtaí a neartú idir baill uile an phobail scoile.

**Is é cuspóir na treorach seo, atá bunaithe ar ghnásanna Bí Cineálta, tacú le pobal uile na bunscoile d'fhonn cuimsiú LADTA+ a chur chun cinn, agus iompraíocht bhulaíochta LADTA+ a chosc agus dul i ngleic léi mar chuid dá bhfreagrachtaí faoi Bí Cineálta.**



1. Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (An Roinn Oideachais, 2024, lch. 12).
2. Sonraíocht na Folláine do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta (CNCM, 2005).
3. Ráiteas Polasaí Folláine agus Creatlach Cleachtais (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2019).

## Polasaí Bí Cineálta Scoile a Fhorbairt

Ní mór go mbeadh an t-eolas seo a leanas i bpolasaí Bí Cineálta na scoile:

- ✔ ráiteas ar thiomantas na scoile maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi
- ✔ ráiteas ina n-admhaítear go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh
- ✔ bunmhíniú ar iompraíocht bhulaíochta mar a thugtar i gCuid 2.1 de na gnásanna seo
- ✔ conas a chuaigh an scoil i mbun plé le pobal na scoile chun an polasaí a fhorbairt
- ✔ conas a chuaigh an scoil i mbun plé le pobal na scoile chun an polasaí a athbhreithniú
- ✔ conas a choisceann an scoil iompraíocht bhulaíochta (bunaithe ar chaibidil 5 de na gnásanna seo)
- ✔ conas a thacaíonn an scoil le daltaí a fhulaingíonn, a fheiceann agus a léiríonn iompraíocht bhulaíochta
- ✔ cad a tharlaíonn nuair a dhéantar iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú
- ✔ an múinteoir (nó múinteoirí) sa scoil atá freagrach as dul i ngleic le heachtraí iompraíochta bulaíochta
- ✔ conas a dhéanfar maoirseacht ar iompraíocht bhulaíochta a bhainistiú
- ✔ conas a chuirfidh an scoil a polasaí Bí Cineálta in iúl

# Eispéiris LADTA+ i mBunscoileanna na hÉireann

**12 bhliain d'aois an aois is coitianta ag duine teacht ar an tuiscint gur duine LADTA+ é nó í[1]. I gcás an duine thrasinscnigh, is minic a thagann an tuiscint seo chun cinn i bhfad níos luaithe, ar an mbonn nach ionann féiniúlacht inscne agus dúil a bheith agat i ndaoine eile. Imríonn na teachtaireachtaí agus an taithí a fhaigheann leanaí go dtí sin tionchar as cuimse ar an dearcadh a bhíonn acu orthu féin nuair a thagann an tuiscint seo chucu.**

I 2024, fuarthas amach i dtaighde ar chuimsiú LADTA+ i mbunscoileanna nach raibh ach 66% de mhúinteoirí ar an eolas go ndearnadh tagairt ina bpolasaí frithbhulaíochta do bhulaíocht homafóbach nó défhóbach, agus nach raibh ach 31% acu ar an eolas go raibh tagairt ann do bhulaíocht trasfhóbach[2]. Tuairiscíodh i gcás thart ar leath de na freagróirí nár áiríodh ina gcuid polasaithe straitéisí oideachasúla ná coisctheacha i dtaobh na bulaíochta LADTA+, nó nach raibh siad ar an eolas an raibh a leithéid i bhfeidhm nó nach raibh. Tá sé seo amhlaidh in ainneoin gur ceanglaíodh ar gach uile scoil na socruithe seo a bheith i bhfeidhm acu ó foilsíodh na '*Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*' in 2013.

Léirigh 71% den fhoireann go raibh muinín láidir nó muinín réasúnta acu maidir le heachtraí bulaíochta LADTA+ a láimhseáil, ach thit an leibhéal muiníne sin go 57% maidir le teagasc na bulaíochta bunaithe ar fhéiniúlacht LADTA+.


Thuairiscigh 84% de mhúinteoirí go raibh caint dhímheasúil nó magadh i leith daoine LADTA+ cloiste acu. Ina ainneoin sin, ní dhearna ach 67% de na múinteoirí úd idirghabháil nuair a chuala siad an cineál sin cainte. Ar an gcaoi chéanna, thuairiscigh 86% de mhúinteoirí go raibh ráitis ar nós 'tá sé sin chomh haerach' cloiste acu, ach ní dhearna ach 75% de na múinteoirí úd idirghabháil i gcónaí nuair a chuala siad an cineál sin cainte. Nuair a chloistear caint fhrith-LADTA+ agus nuair a dhéantar neamhaird di, tugtar le tuiscint go bhfuil an t-iompar sin inghlactha sa scoil.

Is minic a bhíonn impleachtaí fadtéarmacha agus tromchúiseacha ag an mbulaíocht LADTA+ dóibh siúd a bhíonn thíos léi. Is mó an baol go dtiocfaidh dúlagar, imní, strus as cuimse, fadhbanna le húsáid alcóil agus féinmheas íseal chun cinn ina gcás siúd[3].

1. Higgins, A; Doyle, L; Downes, C; Murphy, R; Sharek, D; DeVries, J; Begley, T; McCann, E; Sheerin, F and Smyth, S (2016) *Tuarascáil LGBT Ireland: staidéar náisiúnta ar mheabhairshláinte agus folláine Daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha agus Idirghnéasacha in Éirinn.*
2. Neary, A. and Power, J. (2024) Belong To Primary: Dúshraith Nua faoi Ionchuimsiú LADTA+ i mBunscoileanna.
3. Higgins, A; Doyle, L; Downes, C; Murphy, R; Sharek, D; DeVries, J; Begley, T; McCann, E; Sheerin, F and Smyth, S (2016) *Tuarascáil LGBT Ireland: staidéar náisiúnta ar mheabhairshláinte agus folláine Daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha agus Idirghnéasacha in Éirinn, lch. 139.*

# Cad is Iompraíocht Bhulaíochta ann?

Iompar spriocdhírithe a dhéanann dochar, ar líne nó as líne, is ea bulaíocht. D'fhéadfadh sé gur dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach a bheadh i gceist. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime chumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí[1].



## Cé atá i mbaol iompraíochta bulaíochta?

Is fadhb shuntasach í an iompraíocht bhulaíochta do mhórán leanaí i scoileanna na hÉireann. Tá gá le tacaíocht do gach dalta, agus go háirithe do dhaltaí leochaileacha, le hiad a chumasú chun focail a chur ar iompraíocht bhulaíochta agus í a thuairisciú. Bíodh is gur féidir le haon dalta a bheith thíos le bulaíocht, is mó an leochaileacht atá i gceist i gcás leanaí áirithe maidir le hiompraíocht bhulaíochta. Áirítear ar na daltaí sin leanaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, leanaí faoi mhíchumas, leanaí ó chúlra mionlaigh eitneach agus leanaí imirceacha, leanaí ar baill de phobail an Lucht Siúil agus na Romach iad, leanaí a aithníonn iad féin mar LADTA+, leanaí a chleachtann nó a léiríonn creideamh reiligiúnach, leanaí atá gan dídean, agus leanaí a bhfuil fadhbanna sláinte nó meabhairshláinte acu[2].

## Bulaíocht LADTA+

Bíodh is gur féidir le leanaí idirdhealú a dhéanamh ar leanaí eile mar gheall ar chúiseanna éagsúla, tarlaíonn sé uaireanta go ndírítear orthu de bharr na gcúiseanna seo a leanas:

- Ní thagann siad le hionchais nó le hiompar steiréitíopach inscne; cuir i gcás buachaill a bhíonn ag súgradh go príomha le cailíní dá aois féin seachas le buachaillí.
- Tá ball teaghlaigh acu atá leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach nó aiteach (LADTA+); cuir i gcás go bhfuil beirt mháithreacha nó beirt aithreacha acu, nó deartháir nó deirfiúr atá LADTA+.
- Is daoine LADTA+ iad féin nó meastar gur daoine LADTA+ iad.

Nuair a dhéantar bulaíocht ar leanaí ar na cúiseanna thuasluaite, tugtar bulaíocht LADTA+ uirthi. Is minic gur réamhchomhartha ar an mbulaíocht í an chaint mhíchuí, agus dá réir sin, caithfear dul i ngleic léi gach uair a tharlaíonn sí.

1. Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (An Roinn Oideachais, 2024, lch. 17).
2. Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (An Roinn Oideachais, 2024, lch. 27).

# Cén Fáth a bhfuil an Acmhainn seo ann?

## 1. Bíonn leanaí ó réimse leathan cúlraí agus ó chineálacha teaghlaigh éagsúla i láthair i ngach seomra ranga bunscoile.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh braistint mhuintearais ag gach leanbh, agus go mbraithfidís go bhfuil meas agus luach orthu. Is scáthán é an gnáthsheomra ranga bunscoile ar éagsúlacht na gcultúr, na bhféiniúlachtaí, na gcúlraí agus na gcineálacha teaghlaigh a fhaightear sa tsochaí i gcoitinne. Tuigeann múinteoirí bunscoile gurb iad na leanaí atá faoina gcúram déagóirí agus daoine fásta an todhchaí; dá réir sin, is tréimhse chinniúnach iad na blianta bunscoile d'fhonn múnlú a dhéanamh ar an tsochaí i gcoitinne. Is fearr a éiríonn le leanaí nuair a bhíonn braistint mhuintearais acu, agus nuair a bhraitheann siad go bhfuil meas agus luach orthu agus ar a dteaghlaigh araon.

Is iomaí cineál teaghlaigh ina maireann leanaí sa lá atá inniu ann; cé gurb é an teaghlach núicléach (máthair agus athair pósta) an fhoirm is forleithne i gcónaí, tagann líon mór leanaí ó iliomad struchtúr eile. Áirítear orthu sin teaghlaigh aontuismitheora, leasteaghlaigh, teaghlaigh chumaisc, teaghlaigh altrama agus uchtála, teaghlaigh LADTA+, lánúineacha comhchónaitheacha, teaghlaigh faoi chúram seantuismitheoirí nó gaolta eile, agus ionaid chónaithe do leanaí. Tá sé ríthábhachtach do gach leanbh go ndéanfaí ionadaíocht dhearfach ar a gcúlra agus ar a dteaghlach. Tacóidh an acmhainn seo le múinteoirí lena chinntiú go mbeidh braistint mhuintearais ag leanaí ó theaghlaigh LADTA+, leanaí a bhfuil baill teaghlaigh LADTA+ acu, nó leanaí a shainaithníonn iad féin mar chuid den phobal sin, agus go mbraithfidís go bhfuil meas agus luach orthu araon.

## 2. Bíonn múinteoirí bunscoile ag dréim i gcónaí go mbeidh a gcuid seomraí ranga fáilteach, sábháilte agus cuimsitheach do gach leanbh.

Príomhphrionsabal de chuid Nósanna Imeachta Bí Cineálta é timpeallacht dhearfach chuimsitheach a chothú a spreagann an cineáltas. Féadfaidh foireann na scoile iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi trí chomhbhá a chur chun cinn, idirghabháil phras a dhéanamh agus polasaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn an timpeallacht dhearfach chuimsitheach sin a chothú. Tá sé de chumas ag múinteoirí bunscoile tacú le leanaí bláthú beag beann ar chúlraí, féiniúlacht, cineálacha teaghlaigh, córas creidimh, eitneacht, cumas nó inscne. Tacaíonn Curaclam na Bunscoile leo chun an obair seo a chur i gcrích; curaclam atá leanbhlárnach, a thugann aitheantas d'uathúlacht gach dalta agus a fhreastalaíonn ar riachtanais gach linbh.

Bíodh sin mar atá, tarlaíonn bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht inár scoileanna fós, agus dar le roinnt múinteoirí, is dúshlán ar leith é aghaidh a thabhairt ar chineálacha áirithe den iompraíocht bhulaíochta sin. Cuirfidh an acmhainn seo an treoir riachtanach ar fáil do mhúinteoirí d'fhonn dul i ngleic go díreach le bulaíocht LADTA+, agus cosc a chur ar an gcineál sin bulaíochta agus ar gach foirm eile de bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht.

## 3. Dearadh Curaclam na Bunscoile d'fhonn freastal ar riachtanais gach linbh i gcomhthéacs shochaí an lae inniu.

Is ríthábhachtach an ról atá ag múinteoirí bunscoile i ngach gné d'fhorbairt an linbh ó lá go lá (lena n-áirítear forbairt spioradálta, morálta, cognaíoch, mothúchánach, samhlaíoch, aeistéitiúil, sóisialta agus fhisiceach). Is é ról an mhúinteora bunscoile timpeallacht a chothú inar féidir le gach leanbh bláthú, agus tacú leo barr a gcumais a bhaint amach mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí agus iad ag gabháil tríd an oideachas bunscoile[1]. Leagann Creatchuraclam na Bunscoile béim ar oideachas ionchuimsitheach a dhéanann soláthar do chothromas deiseanna agus rannpháirtíochta i bhfoghlaim an linbh. Is ceiliúradh é an t-oideachas ionchuimsitheach ar an éagsúlacht agus tugann sé freagairt d'uathúlacht gach linbh[2].

Ceann d'ocht bpríomhphrionsabal na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe i gCuraclam na Bunscoile is ea 'Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht'. I sonraíocht na Folláine, leagtar amach mar seo a leanas é:

- Ag cothú cultúr bunaithe ar chearta an duine, daonlathas, cothromas, comhionannas agus ceartas sóisialta
- Ag tabhairt dúshlán do steiréitíopaí, réamhchlaonadh, leithcheal agus claonadh agus ag cur ionbhá, cóimheasa agus níos mó ná peirspictíocht amháin chun cinn
- Ag aithint agus ag dearbhú na héagsúlachta atá sa seomra ranga agus sa tsochaí i gcoitinne[3]

Ba cheart tús a chur le spreagadh dearcthaí cuimsitheacha agus measúla sna naíonáin shóisearacha agus leanúint de sin go deireadh rang a sé. Cuirfear moltaí praiticiúla ar fáil san acmhainn seo maidir le conas is féidir le múinteoirí tacú le daltaí freagairt go measúil nuair a thagann siad ar dhifríochtaí iontu féin nó i ndaoine eile.

1. Creatchuraclam na Bunscoile do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta (CNCM, 2023, lch. 5)
2. Creatchuraclam na Bunscoile do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta (CNCM, 2023, lch. 7).
3. Sonraíocht na Folláine do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta (CNCM, 2025, lch. 4)



# Conas bulaíocht LADTA+ a chosc

Is minic a eascraíonn iompraíocht bhulaíochta bunaithe ar fhéiniúlacht as easpa tuisceana nó easpa measa ar an éagsúlacht. Mar mhúinteoirí bunscoile, is orainne an dualgas a chinntiú gur timpeallachtaí iad ár seomraí ranga ina bhfoghlaimíonn leanaí faoin éagsúlacht mar ghné dhearfach dár sochaí. Tá an cineál oibre seo ríthábhachtach d'fhonn bulaíocht LADTA+ a chosc. Léirítear thíos samplaí sonracha den obair seo sa seomra ranga agus ar fud na scoile.

- Cinntigh go bhfuil Polasaí Frithbhulaíochta do scoile i gcomhréir le ceanglais Bí Cineálta maidir le bulaíocht LADTA+ a chosc agus dul i ngleic léi, agus cuir na riachtanais sin in iúl do gach ball foirne.
- Lorg deiseanna chun léiriú deimhneach ar fhéiniúlachtaí LADTA+ a chuimsiú ar fud an churaclaim ag gach leibhéal ranga. D'fhéadfadh sé seo tarlú trí léiriú teagmhasach (mar shampla, pictiúrleabhair le carachtair LADTA+ a úsáid chun coincheapa litearthachta a phlé, nó fadhbanna focal matamaitice a bhunú ar theaghlach a bhfuil beirt athair acu) nó trí cheachtanna sonracha a phléann le gaiscí scríbhneoirí, aireagóirí, eolaithe, pearsana stairiúla, ealaíontóirí, agus ceoltóirí LADTA+. Cinntigh go luafar go soiléir féiniúlacht LADTA+ na ndaoine a bheidh á bplé ag na leanaí.
- Cuir príomheachtraí a bhaineann le stair LADTA+ san áireamh i do chuid fiosruithe stairiúla. Mar shampla, chun an Toradh Foghlama don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, 'forbairtí agus/nó coimhlintí móra a fhiosrú i réanna difriúla i stair na hÉireann, amhail Éire na Nua-aoise[1]' a bhaint amach do ranganna 5 agus 6, d'fhéadfaí an streachailt ar son cearta LADTA+ in Éirinn a fhiosrú. Tá sraith ceachtanna agus acmhainní céim ar chéim ar fáil san acmhainn saor in aisce, 'Unveiling Our Past', d'fhonn tacú leis an obair sin.
- Déan machnamh ar do ghnáthchaint agus ar phlé sa seomra ranga, féachaint an léirítear cineálacha éagsúla teaghlach agus féiniúlachtaí LADTA+ iontu. Mura léirítear, déan iarracht an chaint a dhéanamh níos ionchuimsithí. Is féidir 'tabhair an litir seo do do thuismitheoir nó caomhnóir/duine fásta sa bhaile' a rá, cuir i gcás, seachas 'tabhair é seo do do mhamaí agus do dhaidí'.
- Cuir le cuimsitheacht na timpeallachta fisiciúla trí phóstaeir agus thaispeántais LADTA+ a chur ar taispeáint (m.sh. an póstaer 'Teaghlaigh Éagsúla, An Grá Céanna'; taispeántais faoi dhaoine clúiteacha LADTA+ a d'fhág lorg dearfach ar an tsochaí — eolaithe LADTA+ le linn Sheachtain na hEolaíochta, cuir i gcás).
- Bíodh réimse leathan ábhar i leabharlann an ranga ag gach leibhéal, leabhair ina bhfuil carachtair LADTA+ san áireamh. Tá moltaí maidir le leabhair oiriúnacha le fáil ar leathanach gréasáin Ghrúpa LADTA+ de chuid Chumann Múinteoirí Éireann (INTO), nó sa treoir 'Léigh le Bród' ó Leabhair Pháistí Éireann.
- Tabhair aghaidh ar steiréitíopaí inscne, mar aon le hiompar a thacaíonn leo, ar an mbonn go gcuireann siad bac ar fhás agus ar fhorbairt gach uile pháiste. Tabhair deis do na leanaí steiréitíopaí inscne a thabhairt faoi deara i síscéalta, i leabhair scéalta, i scannáin nó i gcláir theilifíse.
- Cruthaigh seomra foirne atá báúil do dhaoine LADTA+ trí na smaointe sa phóstaer 'Seomra Foirne Cuimsitheach do Chomhghleacaithe LADTA+' a chrochadh agus a leanúint (ar fáil ar leathanach gréasáin Ghrúpa Múinteoirí LADTA+ INTO).

1. Sonraíocht don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta (CNCM, 2025, lch. 22)

# Gluais Teanga Ionchuim-sitheach LADTA+

Tá ról lárnach ag an teanga ionchuimsitheach i gcothú timpeallachta scoile ina mbraitheann gach leanbh go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil meas agus luach orthu. Cuireann an ghluais seo sainmhínithe soiléire measúla ar fáil do mhúinteoirí ar théarmaí a úsáidtear go minic maidir le féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh, agus cuimsiú. Tacaíonn sé le forbairt cleachtas cuimsitheach sa seomra ranga agus cabhraíonn sé lena chinntiú go léiríonn cumarsáid ó bhéal agus cumarsáid scríofa éagsúlacht phobal na scoile. Chun teacht ar mhínithe níos simplí agus níos oiriúnaí do leanaí, is féidir leas a bhaint as an ngluais a ghabhann leis an acmhainn 'Teaghlaigh Éagsúla, An Grá Céanna'.

| | |
|---|---|
| **LADTA+** | Scáth-théarma do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus aiteacha. |
| **Bulaíocht Défhóbach** | Bulaíocht atá bunaithe ar chlaonadh déghnéasach, bíodh sé fíor nó braite. Bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht í seo. |
| **Déghnéasach** | Duine a bhfuil dúil rómánsúil, ghnéasach nó mhothúchánach acu i níos mó ná inscne amháin. |
| **Cisinscneach** | Duine a bhfuil féiniúlacht inscne acu a thagann leis an inscne a sannaíodh dóibh tráth na breithe. |
| **Teacht Amach** | Tagraíonn sé seo don phróiseas ina dtagann duine ar an tuiscint gur duine LADTA+ iad agus ina dtosnaíonn siad, b'fhéidir, ar an ngné sin dá bhféiniúlacht a roinnt le daoine eile. Ní himeacht aon uaire é seo ach próiseas leanúnach. |
| **Aerach** | Duine a bhfuil dúil rómánsúil, ghnéasach nó mhothúchánach acu i ndaoine den ghnéas céanna; fir a úsáideann an téarma seo go hiondúil. |
| **Léiriú Inscne** | An chaoi a léiríonn duine a bhféiniúlacht inscne trí éadaí, stíl ghruaige, cuma ghinearálta agus mar sin de. |
| **Féiniúlacht inscne** | Tuiscint láidir inmheánach an duine ar a n-inscne féin. |
| **Bulaíocht Homafóbach** | Bulaíocht atá bunaithe ar ghnéaschlaonadh, bíodh sé fíor nó braite. Bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht í seo. |
| **Leispiach** | Bean a bhfuil dúil rómánsúil, ghnéasach nó mhothúchánach aici i mná eile. |
| **Neamh-dhénártha** | Réimse féiniúlachtaí inscne nach dtagann faoi scáth 'fear' ná 'bean' amháin. Is féidir go n-úsáidfeadh daoine neamh-dhénártha na forainmneacha 'siad/iad'. |
| **Gnéaschlaonadh** | Claonadh buan dúile — idir mhothúchánach, rómánsúil agus ghnéasach. |
| **Trasinscneach** | Duine a bhfuil féiniúlacht inscne acu nach dtagann leis an inscne a sannaíodh dóibh tráth na breithe. |
| **Bulaíocht Trasfhóbach** | Bulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht inscne, bíodh sé fíor nó braite. Bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht í seo. |

# Ról an Mhúinteora Bunscoile



Tagann saincheisteanna a bhaineann le bulaíocht LADTA+ chun cinn i ngach gné den saol scoile; sa seomra ranga, sa chlós, i bpolasaithe agus i gcláir oibre, agus sa seomra foirne. Sa chuid seo den treoir, tugtar moltaí praiticiúla chun tacú le múinteoirí bunscoile atmaisféar dearfach a chothú sa scoil — áit a gcuirfear cosc ar bhulaíocht LADTA+ agus a spreagfar dearcadh measúil i measc na ndaltaí ó na naíonáin shóisearacha ar aghaidh.

## Sa seomra ranga

| Ceisteanna agus tuairimí ó leanaí | Cuir chuige molta |
|---|---|
| **a. Ag caint faoin mbaile.**<br><br>Is minic a bhíonn leanaí ag caint ar a dteaghlaigh agus ar a saol sa bhaile ar scoil. Eascraíonn ceisteanna as sin faoi dhaltaí eile uaireanta, mar shampla: "Cén fáth go bhfuil beirt mhamaí ag Conor?" | Is rud nádúrtha é do leanaí a bheith ag caint ar a dteaghlaigh agus ar a saol sa bhaile, agus ba cheart go mbraithfeadh gach leanbh ar a suaimhneas agus slán sábháilte ag déanamh amhlaidh. Is mór an tábhacht a bhaineann leis an bhfreagra a thugann tusa chun an timpeallacht shábháilte sin a chothú. Mínigh go bhfuil gach cineál teaghlaigh ann; go mbíonn beirt thuismitheoir chun an timpeallacht shábháilte sin a chothú. Mínigh go bhfuil gach cineál teaghlaigh ann; go mbíonn beirt thuismitheoir ag an gcuid is mó acu (mam agus daid de ghnáth), ach go mbíonn beirt mham nó beirt dhaid ag teaghlaigh eile. Tuismitheoir aonair a bhíonn i go leor teaghlach. Is í an phríomhteachtaireacht ná go bhfuil gach teaghlach speisialta agus go bhfuil an meas céanna tuillte acu go léir.<br><br>Agus tú i mbun teagaisc, go háirithe agus an teaghlach á phlé agat, féach chuige go dtugtar aitheantas do gach cineál teaghlaigh (m.sh. máthair agus athair, tuismitheoir aonair, cúramóir nó caomhnóir, beirt mháthair, beirt athair, leanaí atá ina gcónaí le seantuismitheoir, aintín, uncail nó teaghlach sínte, leanaí uchtaithe, srl.). |
| **b. Caint mhíchuí.**<br><br>Tarlaíonn sé uaireanta go mbaineann leanaí úsáid as caint mhíchuí, bíodh sin d'aon ghnó nó go neamhurchóideach. Is iomaí leanbh agus duine óg a úsáideann an focal 'aerach' agus téarmaí homafóbacha eile mar mhasla. | Cloiseann leanaí an focal 'aerach' go minic. Cloiseann siad daoine á úsáid chun iad féin a chur in aithne. Cloiseann siad daoine á úsáid go diúltach freisin, mar théarma maslach a thugann le fios go bhfuil rud éigin 'gan mhaith' nó 'suarach', mar shampla: 'tá an mála sin aerach'.<br><br>Tabhair aghaidh ar ráitis mar sin tríd an idirdhealú seo a leanas a dhéanamh;<br><br>• Tá na focail a úsáideann daoine chun cur síos a dhéanamh orthu féin inghlactha (m.sh. aerach, leispiach, déghnéasach, trasinscneach).<br>• Níl sé inghlactha, áfach, na focail chéanna sin a úsáid ar bhealach dímheasúil, ná iad a úsáid chun dochar a dhéanamh do dhuine eile nó iad a náiriú. Cuir in iúl don leanbh gurb éard atá anseo ná teanga homafóbach (nó trasfhóbach).<br>• Má tharlaíonn sé go n-úsáideann an leanbh an téarma i leith linbh eile, cuir in iúl dóibh go n-amharcfar air mar bhulaíocht homafóbach feasta dá ndéanfaí athuair é — rud a mheastar a bheith an-tromchúiseach sa scoil. |

# Sa seomra ranga

| Ceisteanna agus tuairimí ó leanaí | Cuir chuige molta |
|---|---|
| **c. Ceisteanna a chur.**<br><br>Is minic a spreagann focail áirithe fiosracht i leanaí, bíodh is nach dtuigeann siad go hiomlán iad. Eascraíonn ceisteanna as sin, ar nós: "Cad is brí le aerach/leispiach/trasinscneach?" D'fhéadfadh sé go gcuirfidís ceisteanna freisin bunaithe ar an méid a thugann siad faoi deara i leanaí eile — ceisteanna amhail: "Cén fáth a mbíonn Siobhán á hiompar féin ar nós buachalla?" | Agus an cheist "Cad is brí le bheith aerach nó leispiach?" á freagairt agat, cuimhnigh go dtuigeann leanaí an difríocht idir an grá a bhíonn acu dá muintir agus titim i ngrá. Mínigh go dtiteann an chuid is mó de dhaoine i ngrá le daoine den inscne eile, ach go dtiteann roinnt daoine i ngrá le daoine den inscne chéanna.<br><br>Tugtar 'aerach' ar fhear a thiteann i ngrá le fir eile. Tugtar 'leispiach' ar bhean a thiteann i ngrá le mná eile. Úsáideann mná áirithe an focal 'aerach' chomh maith. Tugtar 'déghnéasach' ar dhuine ar féidir leis titim i ngrá le daoine ó níos mó ná inscne amháin. Is éard is duine trasinscneach ann ná duine a bhfuil féiniúlacht inscne acu nach dtagann leis an inscne a sannaíodh dóibh tráth na breithe. Is féidir teacht ar mhínithe simplí ar an téarmaíocht éagsúil sa ghluais a ghabhann leis an acmhainn 'Teaghlaigh Éagsúla, An Grá Céanna'. Tá físeáin treorach do mhúinteoirí ar fáil freisin ar shuíomh ghrúpa LADTA+ INTO, ina ndéantar plé níos mine ar na cásanna seo.<br><br>Ba cheart go léireofaí i do chur chuige nach gá go n-iompródh gach leanbh iad féin de réir steiréitíopaí inscne. Is í an phríomhteachtaireacht ná gur cheart meas a léiriú ar gach duine. |
| **d. Ócáidí speisialta.**<br><br>D'fhéadfadh sé go mbeadh leanaí i láthair ag bainis duine dá mhuintir, nó go mbeadh ról faoi leith acu (mar chailín bláthanna, mar iompróir fáinní agus mar sin de). | Spreag an leanbh chun scéal an lae speisialta a insint. B'fhéidir go mbeadh ort a mhíniú gur féidir le daoine in Éirinn, agus i mórán tíortha eile, pósadh leis an té is ansa leo, gan beann ar a n-inscne. |



Is í an phríomhteachtaireacht ná gur cheart meas a léiriú ar gach duine.

# Sa chlós súgartha

| Ceisteanna agus tuairimí ó leanaí | Cuir chuige molta |
|---|---|
| **a. Caint.**<br><br>Baineann leanaí úsáid as caint mhíchuí uaireanta agus iad i mbun súgartha — mar shampla, ag tabhairt 'aerach' ar rud éigin nó ar leanbh eile chun dochar a dhéanamh dóibh. | Ní mór dúshlán a thabhairt i gcónaí do chaint a úsáidtear go míchuí d'fhonn dochar a dhéanamh. Mura ndéantar amhlaidh, tugtar le tuiscint go bhfuil an t-iompar sin inghlactha. Féach cuid b de 'Sa Seomra Ranga' maidir le conas dul i ngleic le leanaí a úsáideann an téarma 'aerach' mar mhasla. Téigh i ngleic le tuairimí frith-LADTA+ chomh muiníneach céanna agus a rachfá i ngleic le haon tuairimí idirdhealaitheacha eile nó le maslaí pearsanta.<br><br>Má thugann leanbh 'aerach' ar leanbh eile d'fhonn dochar a dhéanamh, ní mór dúshlán a thabhairt don iompar sin. Is í an phríomhtheachtaireacht ná: 'Tá daoine áirithe aerach agus tá sé sin ceart go leor; níl sé ceart go leor an focal sin a úsáid chun dochar a dhéanamh do dhuine eile nó iad a náiriú'. |
| **b. Inscne agus Súgradh.**<br><br>Is minic a scarann leanaí ó chéile de réir inscne agus iad i mbun súgartha; b'fhéidir nach gceadaítear ach do bhuachaillí peil a imirt nó do chailíní a bheith ag scipeáil, cuir i gcás. | Spreag na leanaí chun triail a bhaint as cluichí a chéile. Tabhair dúshlán i gcónaí do ráitis ar nós 'Cluiche do chailíní é sin!' nó 'Dath do bhuachaillí é sin!' Is í an phríomhtheachtaireacht ná nach mbaineann cluiche, dath ná gníomhaíocht ar bith le haon inscne ar leith. Gach rud do chách! |
| **c. Caochspota.**<br><br>Ceapann leanaí uaireanta nach bhfuil na daoine fásta in ann iad a chloisteáil, agus tapaíonn siad an deis sin chun iad féin a iompar go míchuí. | Agus tú i mbun maoirseachta sa chlós, bí ar d'aire a oiread agus is féidir. Ba chóir an fhoireann mhaoirseachta a scaipeadh amach sa chlós le go mbeifear in ann súil a choinneáil ar gach cuid de. Déan iarracht cultúr 'insinte' a chothú sa scoil, le go mbeidh na daltaí rannpháirteach i gcruthú timpeallachta sábháilte. Tá sé de dhualgas ar gach uile dhuine sa scoil aon chás bulaíochta a thuairisciú chun timpeallacht shábháilte chuimsitheach a chinntiú do chách. |



Is í an phríomhtheachtaireacht ná: 'Tá daoine áirithe aerach agus tá sé sin ceart go leor; níl sé ceart go leor an focal sin a úsáid chun dochar a dhéanamh do dhuine eile nó iad a náiriú'.

## Polasaithe agus cláir

| Ceisteanna agus tuairimí ó leanaí | Cuir chuige molta |
|---|---|
| **a. Polasaí Frithbhulaíochta.**<br><br>Ó 2013 i leith, tá dualgas ar gach bunscoil bulaíocht bunaithe ar LADTA+ a áireamh ina gcuid polasaithe frithbhulaíochta, agus straitéisí coisctheacha agus oideachais a chur i bhfeidhm chun í a chosc. Athdhearbhaítear an riachtanas seo i Nósanna Imeachta Bí Cineálta, 2024 - "Ní mór don pholasaí straitéisí coisctheacha a úsáidtear a liostú lena náirítear iad sin a úsáidtear go háirithe chun iompraíocht chibearbhulaíochta, iompraíocht bulaíochta homafóbaí agus trasfhóbaí, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach a chosc, de réir mar is cuí[1]". | Cuir eolas iomlán ar pholasaí frithbhulaíochta na scoile. Cinntigh go gcomhlíonann sé riachtanais Nósanna Imeachta Bí Cineálta agus go leagtar amach ann na straitéisí coisctheacha maidir le bulaíocht bunaithe ar LADTA+. Cinntigh go bhfuil tuiscint shoiléir agat ar do ról maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí agus conas é a chur i gcrích. Is féidir leas a bhaint as an acmhainn seo chuige seo. |
| **b. Bain úsáid as Cláir agus Tionscnaimh atá ann cheana.**<br><br>I measc na gclár agus na dtionscnamh a chruthaíonn deiseanna foghlama a bhaineann leis an obair seo, tá Bí Sábháilte, Siúl go hArd, Seachtain an Chairdis, Teaghlaigh Éagsúla, An Grá Céanna, agus cláir eile a bhfuil téamaí cosúla acu a mbíonn scoileanna rannpháirteach iontu. | Mar chuid de shonraíocht na Folláine, tá ról ríthábhachtach ag OSPS i bhfoghlaim agus i bhforbairt iomlánaíoch an linbh trí fholláine phearsanta agus chomhchoiteann a chothú. Tacaíonn go leor clár atá nasctha le OSPS le forbairt luachanna, dearcthaí agus iompraíochtaí cuimsitheacha. Ina theannta sin, tá cláir áirithe, ar nós 'Le Chéile Anois', ceaptha go sonrach chun dul i ngleic le ceist na bulaíochta LADTA+. |

## Sa seomra foirne

| Ceisteanna agus tuairimí ó leanaí | Cuir chuige molta |
|---|---|
| **Aitheantas a Thabhairt do Bhaill Foirne LADTA+.**<br><br>Beidh céatadán áirithe de phobal ar bith a aithneoidh iad féin mar LADTA+. Baineann sé seo le seomra foirne na scoile freisin. Bíonn imní ar go leor ball foirne LADTA+ a bheith oscailte faoina ngnéaschlaonadh nó faoina bhféiniúlacht inscne sa seomra foirne, toisc nach mbíonn siad cinnte cén chaoi a nglacfadh an chuid eile den fhoireann leis sin. | Mar a dhéanann tú sa seomra ranga, is féidir leat cur le spiorad an tseomra foirne trí chúpla beart simplí:<br><br>• Aithin i gcónaí gur cuid de phobal na scoile iad daoine LADTA+.<br>• Pléigh ceisteanna a bhaineann le daoine LADTA+ ar an mbealach céanna a bpléifeá aon cheist chomhionannais eile.<br>• Má thagann comhghleacaí 'amach' chugat, bí tuisceanach agus aithin go mb'fhéidir go raibh sé deacair acu é sin a dhéanamh, agus gabh buíochas leo as an méid sin a roinnt leat.<br>• Cuir fáilte chroíúil roimh pháirtí comhghleacaí LADTA+ má thugann siad leo iad chuig ócáid shóisialta.<br>• Croch an póstaer de chuid an INTO, 'Seomra Foirne Cuimsitheach do Chomhghleacaithe LADTA+', in áit fheiceálach sa seomra foirne agus lean an treoir atá air.<br>• Taispeáin na físeáin ghearra 'Múinteoirí Cosúil Linne', 'Eispéiris oibre mhúinteoirí LADTA+ i scoileanna na hÉireann' agus 'An Scoil Chuimsitheach' ag cruinnithe foirne ó am go chéile. Baill de chuid an INTO a chruthaigh na físeáin seo, a thugann léargas ar shaincheisteanna a bhaineann le cuimsiú LADTA+ i mbunscoileanna na hÉireann. |

1. Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (An Roinn Oideachais, 2024, lch. 68)

# Acmhainní Oideachais


1. Grúpa LADTA+ INTO




2. Teaghlaigh Éagsúla, An Grá Céanna




3. Tá Áit Dúinn Uilig




4. Ag Nochtadh Ár Scéil: An Streachailt ar son Cearta LADTA+ in Éirinn





5. Treoir Léitheoireachta Leabhair Pháistí Éireann: Is Mise Mé Féin




6. Seomra Ranga Cuimsitheach do Chomhghleacaithe LADTA+




7. Le Chéile Anois!




8. Léigh le Bród 2025

